Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meán Fómhair 2018**
**(OR. en)**

**12511/18**

**FIN 721**
**SOC 563**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 12029/18 (COM(2018) 621 final) |
| Ábhar: | Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas a bhaint as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú tar éis iarratas ón bPortaingéil – EFG/2018/002 PT/Norte–Centro–Lisboa wearing apparel<br>– *Glacadh* |

1. Ar an 10 Meán Fómhair 2018, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas a bhaint as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD), agus an togra comhfhreagrach maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 21/2018 ag gabháil leis[1].

2. Tá sé d'aidhm ag an togra suim EUR 4 655 883 a chur ar fáil faoi CECD chun freastal ar iarratas ón bPortaingéil chun leas a bhaint as an gciste i ndáil le 1 161 oibrí a chaill a bpost in dhá fhiontar in earnáil an mhonaraithe corpbhirt in Norte, Centra agus Liospóin. Tá na hiomarcaíochtaí mar thoradh ar mhórathruithe struchtúrtha a leanann ar aghaidh i bpatrúin trádála an domhain i ngeall ar an domhandú[2].

[1] 12030/18
[2] IO L 167, 29.6.2009, lch. 26.

3. Scrúdaigh an Coiste um an mBuiséad an togra ag an gcruinniú a bhí aige ar an 17 Meán Fómhair agus bhí sé in ann é a fhormheas.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle téacs an Chinnidh maidir le leas a bhaint as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú a ghlacadh, mar a taifeadadh san IARSCRÍBHINN.

**IARSCRÍBHINN**

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le leas a bhaint as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú tar éis iarratas ón bPortaingéil - EGF/2018/002 PT/Norte – Centro – Lisboa wearing apparel**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (2014-2020) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1927/2006[1], agus go háirithe Airteagal 15(4) de,

Ag féachaint don Chomhaontú Idirinstitiúideach an 2 Nollaig 2013 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir le smacht buiséadach, le comhar i gcúrsaí buiséid agus le bainistíocht fhónta airgeadais[2], agus go háirithe pointe 13 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é an aidhm atá leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CECD) tacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i ngeall ar mhórathruithe struchtúracha ar phatrúin na trádála domhanda de thoradh an domhandaithe nó mar gur lean an ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta ar aghaidh nó i ngeall ar ghéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta nua, agus cabhrú le hath-imeascadh na n-oibrithe sin sa mhargadh saothair.

(2) Ní sháróidh CECD uasmhéid bliantúil EUR 150 milliún (praghsanna 2011), mar a leagtar síos in Airteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle[3].

---

1 IO L 347, 20.12.2013, lch. 855.

2 IO C 373, 20.12.2013, lch. 1.

3 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

(3) An 24 Aibreán 2018, chuir an Phortaingéil isteach iarratas chun leas a bhaint as CECD, i dtaca le hiomarcaíochtaí in earnáil an mhonaraithe corpbhirt sna réigiúin Norte, Centro agus Liospóin sa Phortaingéil. Mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, bhí faisnéis bhreise a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013. Comhlíontar san iarratas sin na ceanglais chun ranníocaíocht airgeadais ó CECD a shocrú, mar a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 6(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013, chinn an Phortaingéil seirbhísí pearsanaithe a sholáthar do 730 duine óg nach bhfuil fostaithe, páirteach san oideachas ná faoi oiliúint (NEETanna), seirbhísí a bheidh cómhaoinithe ag CECD.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart leas a bhaint as CECD chun ranníocaíocht airgeadais EUR 4 655 883 a sholáthar i leith an iarratais a chuir an Phortaingéil isteach.

(6) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a thógfar chun leas a bhaint as CECD, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh sin ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Le haghaidh bhuiséad ginearálta an Aontais don bhliain airgeadais 2018, bainfear leas as an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú chun EUR 4 655 883 a sholáthar mar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus mar leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlacfar an cinneadh* ][*].

Arna dhéanamh [...],

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* *Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán* *An tUachtarán*

[*] Dáta le cur isteach ag an bParlaimint roimh fhoilsiú in IO.